AN GARDA SÍOCHÁNA

# PLEAN PÓILÍNEACHTA ROINN RCBÁC THUAIDH-LÁR

# 2024










Ag Coinneáil Daoine Sábháilte

**Keeping People Safe**

## Brollach le hOifigeach na Roinne



Tá áthas orm Plean Póilíneachta an Gharda Síochána, 2024 do Roinn Chathair Bhaile Átha Cliath (Lár-Thuaidh) a chur i láthair. Is éard atá sa phlean seo ná an plean deiridh a forbraíodh chun tacú le Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána, 2022-2024. Le dhá mhí dhéag anuas tá dúshláin shuntasacha maidir le Póilíneacht i Lár na Cathrach Thuaidh feicthe againn agus tá gairmiúlacht shuntasach léirithe ag m'fhoireann agus na fadhbanna sin á mbainistiú acu .

Sa phlean póilíneachta seo, tá an t-íospartach leochailleach curtha i gcroílár na seirbhíse a chuirimid ar fáil. Is iad an t-iompar frithshóisialta, drugaí agus an choireacht na fadhbanna atá aitheanta againn mar fhadhbanna a théann i bhfeidhm i gcónaí ar chónaitheoirí agus ar úinéirí gnó a oibríonn laistigh de theorainneacha Lár na Cathrach Thuaidh. Is mian liom a chur in iúl dár bpobail go léir go leanfaimid de bheith ag seachadadh misean ár n-eagraíochta maidir le ‘daoine a choinneáil sábháilte’.

Tá Samhail Oibriúcháin an Gharda Síochána fós á cur i bhfeidhm sa Roinn seo. Tá athruithe bunúsacha tagtha ar ár struchtúr póilíneachta leis an tsamhail seo agus tá áthas orm a fhógairt go mbunófar Limistéar Feidhme Coireachta nua faoin bplean seo chun próisis imscrúduithe coiriúla a fheabhsú.

Leanfar le tacaíocht a thabhairt do thionscnamh Lár na Cathrach Thoir-Thuaidh (NEIC) trí Ghardaí a bheith ar an láthair, mar aon leis an tacú le hobair an bhoird forfheidhmithe cláir. Déanfaidh mé mo dhícheall rannpháirtíocht a mhéadú le pobail Lár na Cathrach Thuaidh, ag cur leis an gcaidreamh agus ag déanamh ár sráideanna níos sábháilte.

Leantar m'fhoireann de phlé a dhéanamh leis an gClár Píolótach Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Phobail Áitiúil (LCSP), ar clár nuabhunaithe é, mar a mholadh i dTuarascáil an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta. Tá caidrimh forbartha againn le linn 2023 agus táim ag tnúth le tuilleadh rannpháirtíochta dearfacha agus le plé oscailte trédhearcach a bheidh mar aidhm leis phobal níos sábháilte a sholáthar. Is mian liom a dhearbhú do phobal Lár na Cathrach Thuaidh go ndéanfaidh m’fhoireann agus mé féin ár ndícheall chun freastal ar riachtanais phóilíneachta bhur bpobail.

*Patrick McMenamin*

P.McMenamin Chief Superintendent

## Conas teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ina bhfuil tú féin – I gcás éigeandála, cuir glaoch i gcónaí ar 999 nó 112

| Ceannfoirt, agus teagmháil oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Teileafón |
|---|---|---|---|
| **An Ceannfort Lennon** | Stáisiún Garda Shráid an Stórais | 24 Uair An Chloig | 01 6668000 |
| **An Leas-Cheannfort Murphy** | Stáisiún Garda Shráid an Stórais | 24 Uair An Chloig | 01 6668000 |
| **An Ceannfort Mulligan** | Stáisiún Garda Shráid an Stórais | 24 Uair An Chloig | 01 6668000 |
| **An Ceannfort Brennan** | Stáisiún Garda Mhuinseo | 24 Uair An Chloig | 01 6668600 |
| | Stáisiún na nGardaí ar Shráid Mhic Giobúin | 8am go 9am | 01 6668400 |
| **An Ceannfort O'Brien** | Stáisiún Garda na Smachtlainne | 24 Uair An Chloig | 01 6668200 |
| Is féidir **Oifigigh éagsúlachta** don Roinn a aimsiú anseo, de rogha air sin, glaoigh: 01 6668000 | | | |
| Is féidir oifigigh um **Chosc ar Choireanna** don Roinn a aimsiú anseo, de rogha air sin, glaoigh: 01 6668000 | | | |
| Is féidir cigirí um **imeaglú a bhaineann le drugaí** don Rannán a fháil anseo, de rogha air sin, glaoigh: 01 6668000 | | | |

# 1. Pobal

Leanúint de na naisc le pobail a neartú, ag obair i gcomhpháirtíocht chun daoine a choinneáil sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 1.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun réitigh inbhuanaithe a fhorbairt d'fhonn aghaidh a thabhairt ar imní i leith shábháilteacht an phobail, lena n-áirítear an dochar a dhéanann drugaí dó | Cuirfear oiliúint bhreise sa dea-chleachtas ar Phearsanra an Gharda Síochána. Beidh rannpháirtíocht le geallsealbhóirí pobail ar bhonn rialta. Beidh aithne ag na pobail sa rannán ar na Gardaí sa cheantar áitiúla agus beidh muinín acu astu. Leanfaidh an Rannán d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna áitiúla maidir le hiompar frithshóisialta. Sa Suirbhé maidir le Dearcadh an Phobail léireofar muinín agus iontaoibh an phobal as na mball den Gharda sa cheantar áitiúil. |
| 1.2 Plé a dhéanamh le gach pobal chun seirbhís póilíneachta a sholáthar atá tuisceanach agus sofhreagrach do riachtanais éagsúla na sochaí | Mothóidh pobail éagsúla go bhfuiltear tuisceanach ina leith agus beidh muinín acu go bhfuil pearsanra áitiúil an Gharda Síochána ag gníomhú chun a leasa. Beidh eolas méadaithe ag pearsanra an Gharda ar na dúshláin atá roimh phobail éagsúla, ag éisteacht le grúpaí éagsúlachta a chuireann sábháilteacht agus comhtháthú chun cinn, agus ag éisteacht leosan freisin. |

## 1. An Obair Rialta a Dhéanaimid leis an bPobal

| Obair | Modh | Obair | Modh |
|---|---|---|---|
| Cruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta | | Idirghníomhú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun rioscaí agus leochaileacha a aithint | |
| Comhpháirtíochtaí Sábháilteacht Phobail | | Idirighníomhú a dhéanamh le NEIC | |
| Teagmháil le grúpaí tacaíochta Éagsúlachta is teagmháil bheartaithe | | Imeachtaí óige a reáchtáladh nó ar ar bhfreastalaíodh | |
| Imeachtaí éagsúlachta a reáchtáladh nó ar ar bhfreastalaíodh | | Cláir na Scoileanna | |
| Teagmháil atá beartaithe le geallsealbhóirí pobail | | Caidreamh le pobail agus grúpaí faire gnó, nó na grúpaí sin a bhunú | |

## 2. An choireacht a chosc & An Phóilíneacht Choisctheach

Coireanna a Réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus treochtaí coireachta atá ag teacht chun cinn, ag baint úsáide as cur chuige éifeachtach póilíneachta atá á threorú ag faisnéis.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 2.1 Coireanna a aithint go réamhghníomhach, a dhíriú orthu agus a chur isteach orthu ag gach leibhéal, lena n-áirítear cineálacha coireanna nua agus cineálacha coireanna atá ag teacht chun cinn. | Cuirfear freagraí cuí i bhfeidhm chun ár bpobal a chosaint agus chun ár seirbhís d'íospartaigh na coireachta a fheabhsú, ag méadú feasachta agus ag feabhsú muiníne sa tuairisciú. Baill a spreagadh chun tabhairt faoin Teastas Iarchéime um Chalaois agus Ríomhchoireacht a imscrúdú. |
| 2.2 Ár n-acmhainn agus ár gcumas chun aghaidh a thabhairt ar choireanna a fheabhsú trí chomhordú, trí chomhoibriú agus trí chur chuige faisnéisbhunaithe. | Sna haonaid náisiúnta leanfar ar aghaidh ag leathnú agus ag forbairt a ngréasán geallsealbhóirí chun tacú leis an rannán seo. Scaipfear comhairle coireachta cothrom le dáta ar fud an Rannáin. |

## 2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Patróil déanta sa Rannán | |
| Ábhar maidir le Cosc ar Choireacht arna scaipeadh sna meáin | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Monatóireacht ar threochtaí coireachta |
| Feasacht ar an líon Gardaí atá amach ar phatról |
| Líon na bpearsanra atá oilte |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Oiliúint sa dhea-chleachtas | |
| Patról faoi cheilt sa Rannán | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Aiseolas ónár nEochair-Gheallsealbhóirí |
| Oibríochtaí arna ndéanamh |
| Cúrsaí críochnaithe |

## 3. Íospartaigh & Daoine Soghonta

Dochar a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine soghonta a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána a chur chun cinn agus a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 3.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun seirbhísí agus tacaíochtaí cuí a sholáthar d'íospartaigh na coireachta, agus béim ar leith a leagan ar choireacht bhaile, ghnéasach agus inscne. | Leanfaidh an Rannán de bheith i dteagmháil le gach íospartach. Tabharfar tacaíocht bhreise d'íospartaigh trí Oifig Rannach na nÍospartach. I gcás íospartaigh na mí-úsáide teaghlaigh, beidh glaonna ar ais íospartach, freagraí trí Chomhordaitheoirí Drochúsáide Baile (DAC) agus ag tacú leis an Oibríocht Faoiseamh agus leis an Oibríocht Caomhnaigh. Mar gheall ar an tacaíocht agus an idirghabháil ardchaighdeáin, méadóidh ar an muinín sa tuairisciú. |
| 3.2 Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile. | Ár n-infheictheacht ardleibhéil a choinneáil agus iarracht a dhéanamh sábháilteacht bóithre a fheabhsú trí thionscnaimh ard-infheictheachta agus feachtais oideachais agus forfheidhmithe spriocdhírithe. |

## 3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Teagmhálaithe in aghaidh an íospartaigh | |
| Litreacha íospartaigh tosaigh curtha ar fáil | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Measúnuithe íospartach | |
| Taifeadadh teagmhálacha in aghaidh an íospartaigh agus rinneadh monatóireacht orthu | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Teagmháil le daoine den phobal | |
| Laethanta Gníomhaíochta Ilghníomhaireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre | |
| **Príomhtháscaire** | |
| FCNanna eisithe tríd an Aip Mobility | |
| Athghlaonna um an drochúsáid teaghlaigh | |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus mhuintir an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí ar a leasanna ríthábhachtacha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 4.1 Cur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Forbartha um Sheirbhís Slándála chun cumas agus acmhainn slándála agus faisnéise an Gharda Síochána a neartú. | Páirt a ghlacadh i gcur chuige iomlán an rialtais maidir le slándáil an stáit. |
| 4.2 Slándáil an Stáit a chosaint trí oibríochtaí faisnéis-threoraithe ina n-oibritear i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta araon, agus ina sainaithnítear bagairtí sceimhlitheoireachta agus gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus ina gcuirtear isteach orthu siúd. | Leanfaidh an rannán, arna thacú ag Aonaid Náisiúnta agus gníomhaireachtaí seachtracha, daoine aonair, suíomhanna nó imeachtaí ardriosca a shainaithint agus bearta réamhchúraim a fhorbhairt, lena ngníomhú de réir mar is gá. |

## 5. Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht

Cultúr d'fheabhsú leanúnach a spreagadh agus a chothú, a chuireann le nuálaíocht agus freagrúlacht i leith athruithe.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 5.1 Na struchtúir is gá a dhaingniú chun cumas agus acmhainn ár n-eagraíochta chun athrú a fheabhsú, agus chun tacú le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh. | Beidh an Rannán RCBÁC Lár-Thuaidh níos feasaí ar an gcomhshaol, le tacaíocht ó ghluaisteáin patróil leictreacha agus úsáid mhéadaithe ar phatróil rothair. Tá foirne reatha ag obair leis an eagraíocht níos leithne chun tionscadail nua a chur i bhfeidhm a thacóidh tuilleadh leis na próisis digitithe chun rialachas agus cuntasacht a fheabhsú d'fhonn a thacú leis an bhfeabhsú leanúnach. |
| 5.2 An inbhuanaitheacht a chumasú, a fhorbairt agus a thacú ar fud an Gharda Síochána tríd an Treochlár um an nGhníomhú ar son na hAeráide, 2023-2030 a chur i bhfeidhm. | Níos mó comhaltaí den Gharda Síochána a bheith ar fáil ar an líne tosaigh le haghaidh dualgas oibriúcháin. Feabhas a chur ar Chultúr Cearta Daonna laistigh den DMR Lár Thuaidh agus é a dhaingniú ann. Beidh tacaíocht ag pearsanra le haghaidh na póilíneachta faisnéise-láraithe trí úsáid mhéadaithe a bhaint as trealamh digitithe. |

## Cumasóir 1: Daoine & Cuspóir

Is mór ag an nGarda Síochána gur eagraíocht í atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
| --- | --- |
| E1.1 Feabhas a chur ar ár gcumas tacaíochtaí cuí Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, lena gcuirfear ar chumas ár bpearsanra rath a bhaint amach ina ról. | Tugtar tacaíocht leanúnach do phearsanra an Gharda Síochána trí oiliúint, faisnéis agus tacaíochtaí cuí a sholáthraíonn an fhoireann um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) agus ár gcóras seachadta oiliúna ar líne (GETS). |
| E1.2 Tacú le sláinte agus folláine ár bpearsanra trínár Straitéis um Shláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm. | Tacaítear leis an bpearsanra trínár Líonra Tacaíochta Piaraí agus trí Sásraí Tacaíochta Folláine agus Leasa na heagraíochta a chur ar fáil. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha a fhorghníomhú agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
| --- | --- |
| E2.1 Obair le comhpháirtithe chun cur chuige ildisciplíneach agus 'seirbhís iomlán' a fheabhsú d'fhonn daoine a choinneáil sábháilte. | Obair le comhpháirtithe sa phobal chun cur chuige ildisciplíneach a shainaithint. Ag leanúint ar aghaidh leis an gclár píolótach den fhóram sábháilteachta pobail áitiúil, an comhchoiste beartais leathnaithe le hionadaithe ó ghrúpaí pobail éagsúla. |
| E2.2 Deiseanna a iniúchadh, a fhorbairt agus a thapú chun comhoibriú trasna earnálacha ar mhaithe lenár gcur chuige bunaithe ar fhianaise i leith na seirbhíse a neartú. | Feasacht ar shaincheisteanna áitiúla a aithníodh agus a dtugtar aghaidh orthu trí rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara agus tuilleadh comhairliúcháin leis an bhFóram Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúil nuabhunaithe. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhá-bhealach a fhorbairt trí bhealaí nua agus reatha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
| --- | --- |
| E3.1 Rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach a neartú tríd an gcumarsáid oscailte spriocdhírithe. | Tuiscint mhéadaithe ar na riachtanais agus na hábhair imní a bhíonn ag an bpobal ar a bhfreastalaímid. |
| E3.2 Freagra a thabhairt ar an méid a bheidh arna fhoghlaim in Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána. | Rannpháirtíocht iomlán a spreagadh ó thoradh an iniúchta cultúir, cruinnithe faisnéise agus ríomhfhoghlama. Tuiscint a fháil ar na riachtanais agus ár mbaill Garda agus ar ár bhfoireann sa Gharda. Tacaíocht agus oiliúint a sholáthar do mhaoirseoirí líne tosaigh. |

## Cumasóir 4: Cumasú & Muinín

Cultúr cumhachtaithe agus muiníne a chothú, fréamhaithe san ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
| --- | --- |
| E4.1 An t-iompar gairmiúil agus an t-iompar eiticiúil sa Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú. | Tuiscint eiticiúil le feabhsú sa Rannán trí chur chuige atá struchtúrtha go seasta i leith na cinnteoireachta. Leanúint ar aghaidh ag traenáil na mball mar Seaimpíní um Chearta an Duine, ag tacú le feasacht ar dhlí chearta an duine agus ar bhreithnithe éigeantacha. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagraíochtúil an Gharda Síochána a rolladh amach. | Rolladh amach leanúnach ar an tSamhail Oibriúcháin sa RCBÁC Lár-Thuaidh Riarachán a laghdú agus baill an Gharda Síochána a thabhairt ar ais chuig dualgais líne tosaigh, agus maoirseacht speisialaithe ar rialachas a fheabhsú. |

## Cumasóir 5: An Póilíniú Faisnéis-Láraithe

Seirbhís a chothú atá faisnéis-treoraithe, ag úsáid sonraí agus teicneolaíochta chun éifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a chur chun cinn.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E5.1 Ár bhFís i leith Sonraí agus Teicneolaíocht a chur chun cinn trí chur i bhfeidhm an Treochláir TFC, 2024 | Tá tionscadail teicneolaíochta faisnéise á gcur i bhfeidhm sa Rannán a chumasaíonn rialachas níos éifeachtaí ar acmhainní, imscrúduithe, agus bainisteoirí a thacú chun measúnú a dhéanamh agus freagairt a thabhairt ar imní i leith shábháilteacht an phobail. |
| E5.2 Cáilíocht fheabhsaithe sonraí a ghiaráil chun úsáid na sócmhainní sonraí sa phóilíniú oibriúcháin a leathnú de réir a chéile | Córas TF breis-daingnithe agus gan rochtain air ach amháin ag an bpearsanra iomchuí. Feabhas a chur ar shonraí a chuideoidh leis an bpóilíniú eolasbhunaithe. |

## Tacaíocht Bhreise a Aimsiú

| Cineál tacaíochta | Ainm | Suíomh Gréasáin | Ríomhphost | Teileafón |
|---|---|---|---|---|
| Comhlachta í Pobail (NGO) | NEIC | www.neic.ie | neic@dublincity.ie | 01 222 6604 |
| | Comhpháirtíocht Sábháilteachta an Phobail Áitiúil | https://www.lcsp.ie/ | communitysafety@dublincity.ie | 01 2226551 |
| | ICON | https://www.iconnetwork.ie/ | info@iconnetwork.ie | 01 8636890 |
| | Coláiste Pobail Uí Lorcáin | www.larkincommunitycollege.ie | larkinupdates@lcc.cdetb.ie | 01 8741913 |
| | Tionscadal Forbartha Pobail An Port Thuaidh | www.nwcdp.ie | | 01 8365399 |
| | Alone | www.alone.ie | hello@alone.ie | 0818 222024 |
| | Comharchumann Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath | www.dublincitycommunitycoop.ie | info@dublincitycommunitycoop.ie | 01 8557015 |
| | Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann | www.iwa.ie | info@iwa.ie | 01 8186400 |
| | Lár-Ionad Acmhainní Pobail Macro | www.macrocommunity.ie | info@macrocommunity.ie | 01 8737000 |
| | Saoráid Áineasa Shráid Doiminic | Saoráid Áineasa Shráid Doiminic \| Comhairle Cathrach BÁC | | 01 8783295 |
| | Rannpháirtíocht Dlí agus Téarnamh Cuidithe | Rannpháirtíocht Dlí & Téarnamh Cuidithe - Ana Liffey (aldp.ie) | | 085 2540442 |
| Tacaíocht d'Íospartaigh | Ionad Comhairleoireachta Beacon of Light | Beacon of Light | beaconoflight@iolfree.ie | 01 4578700 |
| | Tacaíocht Íospartach sa Chúirt | www.vsac.ie | manager@vsac.ie | 01 8726785/ 087 2885521 |
| | Tacaíocht d'Íospartaigh, Éire | | victimsuppinfo@gmail.com | 01 4599511 |
| | Seirbhísí um Fhoréigean Baile, Bhaile Átha Cliath | Dublin 12 Domestic Violence Service - Leathanach Baile (d12dvs.ie) | admin@d12dvs.ie | 01 4002085<br>01 4002080 |
| Tacaíocht Fhrith-Dhrugaí agus Andúile | Ana Liffey Drug Project | www.aldp.ie | info@aldp.ie | 087 328 6666 |
| | Tionscadal SAOL | www.saolproject.ie | admin@saolproject.ie | 01 855 3391 |
| | Peter McVerry Trust | www.Pmvtrust.ie | info@pmvtrust.ie | 01 823 0776 |
| | Soilse, Plás Henrietta | www.soilse.ie | soilsehp@hse.ie | 01 8724922 |
| | H.O.P.E. | www.hopehandson.com | manager@hopehandson.com | 01 8878404 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Mymind | www.Mymind.org | | 0818 500800 |
| Meabhairshláinte | Spectrum Mental Health - IFSC | https://www.mentalhealth.ie/ | hello@mentalhealth.ie | 01 6111719 |
| | The Oasis Centre | www.oasiscentre.ie | info@oasiscentre.ie | 01 8364524 |
| | Síciteiripe Bhaile Átha Cliath | Síciteiripe Bhaile Átha Cliath - Ceannairí sa Chóireáil | info@psychotherapydublin.ie | 01 6856375 |
| | Ionad Bodymindself | | | 0818 200 250 |
| | Na Samáraigh | Na Samáraigh, Éire | jo@samaritans.ie | 116 123 |
| | Under the Rainbow | www.undertherainbow.ie | info@undertherainbow.ie | 01 54272161 |
| Tacaíocht um an Éagsúlacht | Dublin Outhouse | www.outhouse.ie | info@outhouse.ie | 01 8734932 |
| | Grúpa Bhaile Átha Cliath d'Fhir Phósta | | mmg@gayswitchboard.ie | 01 8721055 |
| | Dublins Gay Men's health Service | Seirbhís Sláinte na bhFear Aerach - HSE.ie | hselive@hse.ie | 1850 24 1850 |
| | Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne | Tacaíocht – TENI | office@teni.ie | 01 8733575 |
| | Óige an Phoirt Thoir | www.eastwallyouth.ie | info@eastwallyouth.ie | 01 8860074 |
| An Óige Tacaíocht | Seirbhís Óige Swan | www.swanyouthservice.org | info@swanyouthservice.org | 01 8560945 |
| | Seirbhís don Ógra Bradóg | www.bradog.com | admin@bradog.com | 01 8788375 |
| | Club Óige Belvedere | www.belvedereyouthclub.ie | belvedere@eircom.net | 01 8550282 |
| | Youth Work Ireland | www.youthworkireland.ie | | 01 8584500 |
| | YPAR | www.ypar.ie | infoypar@gmail.com | 01 8194779 |
| Tacaíocht Airgeadais | Cumann Naomh Uinseann de Pól | www.svp.ie | Info.east@svp.ie | 01 8550022 |
| | Barnardos | Barnardos. Maireann aois an pháiste an saol | info@barnardos.ie | 01 4530355 |

## Icon Bank

| Brí | Icon |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú duine-le-duine |
|  | Ar an bhfón |
|  | Trí Ríomhphost |
|  | Sa phost |
|  | Ar an raidió |
|  | Ar Theilifís |
|  | Ar na meáin shóisialta |
|  | Feachtais sna Meáin Chumarsáide |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Leis na Gardaí, duine-le-duine |
|  | Gardaí i nGnáthéadaí |
|  | TCI |
|  | Ar chos |
|  | Ar rothar |
|  | Le Carranna |
|  | Ar Ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |



AN GARDA SÍOCHÁNA